



PREASEISIÚINT Uimh. 135/24

Lucsamburg, 10 Meán Fómhair 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-48/22 P | Google agus Alphabet v an Coimisiún (Google Shopping)

Seasann an Chúirt leis an bhfíneáil EUR 2.4 billiún a ghearr Google as mí-úsáid a bhaint as a cheannasacht trí thús áite a thabhairt dá sheirbhís siopadóireachta comparáide féin

Diúltaítear don achomharc a rinne Google agus Alphabet

In 2017, ghearr an Coimisiún fíneáil thart ar EUR 2.4 billiún ar Google as mí-úsáid a bhaint as a cheannasacht i roinnt margaí náisiúnta cuardaigh idirlín trí thús áite a thabhairt dá sheirbhís siopadóireachta comparáide féin thar sheirbhís a iomaitheoirí. Ós rud é gur sheas an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, leis an gcinneadh sin agus gur sheas sí leis an bhfíneáil sin, thug Google agus Alphabet achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais, a dhiúltaigh dó agus, dá bhrí sin, a sheas le breithiúnas na Cúirte Ginearálta.

Le cinneadh an 27 Meitheamh 2017 ¹, chinn an Coimisiún gur thug Google tús áite i 13 thír den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) ², ar a leathanach torthaí cuardaigh ghinearálta, do thorthaí óna sheirbhís siopadóireachta comparáide féin thar torthaí ó sheirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha. Dá bhrí sin, chuir Google torthaí cuardaigh a sheirbhíse siopadóireachta comparáide i láthair sa chéad áit agus tharraing sé aird orthu i mboscaí, agus bhí faisnéis tharraingteach amhairc agus théacsúil ag gabháil leo. Os a choinne sin, bhí torthaí cuardaigh ó sheirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha díreach mar thorthaí cineálacha (a chuirtear i láthair i naisc ghorma) agus mar thoradh air sin, murab ionann agus torthaí ó sheirbhís siopadóireachta comparáide Google, a d'fhéadfaí a íosghrádú le halgartaim choigeartaithe ar leathanaigh torthaí ginearálta Google.

Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhain Google mí-úsáid as a cheannasacht sna margaí le haghaidh seirbhísí cuardaigh ghinearálta idirlín agus seirbhísí cuardaigh speisialaithe táirgí agus ghearr sé fíneáil EUR 2 424 495 000 air, a raibh Alphabet, mar scairshealbhóir aonair Google, faoi dhliteanas EUR 523 518 000 ina leith i gcomhpháirt agus go leithleach.

Rinne Google agus Alphabet agóid i gcoinne chinneadh an Choimisiúin os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh. Le breithiúnas an 10 Samhain 2021 ³, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta an chaingean go bunúsach agus, go háirithe, sheas sí leis an bhfíneáil. Os a choinne sin, chinn an Chúirt Ghinearálta nár suíodh go raibh éifeachtaí frithiomaíocha ag cleachtas Google, fiú éifeachtaí féideartha, ar an margadh cuardaigh ghinearálta. Dá bhrí sin, chuir sí cinneadh an Choimisiúin ar neamhní a mhéid a cinneadh gur sáraíodh an toirmeasc ar mhí-úsáid ceannasachta maidir leis an margadh sin freisin.

Rinne Google agus Alphabet achomharc ansin chuig an gCúirt Bhreithiúnais, ag iarraidh breithiúnas na Cúirte Ginearálta a chur ar ceal a mhéid a dhiúltaigh sí dá gcaingean agus do neamhniú chinneadh an Choimisiúin. (CP 4/24)

Lena breithiúnas inniu, déanann an Chúirt an t-achomharc a dhíbhe agus, dá réir sin, deimhníonn sí breithiúnas na Cúirte Ginearálta.

Meabhraíonn an Chúirt nach ndéanann dlí an Aontais Eorpaigh ⁴ sárú as ceannasacht a bheith ann, ach as mí-úsáid na ceannasachta sin amháin. Go háirithe, toirmiscear iompar ag gnóthais a bhfuil ceannasacht acu a chuireann srian ar iomaíocht ar na tuillteanais agus a d'fhéadfadh, dá bhrí sin, dochar a dhéanamh do ghnóthais aonair agus do thomhaltóirí aonair. Áirítear leis an iompar sin iompar lena gcuirtear cosc, ar bhealaí eile seachas iomaíocht ar na tuillteanais, ar an iomaíocht a choimeád ar bun nó a fhorbairt ar mhargadh ina bhfuil an leibhéal iomaíochta lagaithe cheana féin go díreach mar gheall ar ghnóthas amháin nó níos mó a bheith i gceannas.

Sonraíonn an Chúirt gur fíor nach féidir a mheas, go ginearálta, go gcaitheann gnóthas ceannasach lena tháirgí nó lena sheirbhísí ar bhealach níos fabhraí ná mar a chaitheann sé le táirgí nó seirbhísí a iomaitheoirí, beag beann ar imthosca an cháis, le hiompar a imíonn ó iomaíocht ar na tuillteanais. Measann sí, áfach, sa chás seo, go bhfuil sé cruthaithe go maith ag an gCúirt Ghinearálta, ag féachaint do shaintréithe an mhargaidh agus d'imthosca sonracha an cháis seo, go raibh iompar Google idirdhealaitheach agus nár tháinig sé faoi raon feidhme na hiomaíochta ar na tuillteanais.

NÓTA: Is féidir achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne breithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá an t-achomharc inghlactha agus má tá bunús leis, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ghinearálta ar neamhní. I gcás ina gceadófar le staid na n-imeachtaí gur féidir breith a thabhairt ar chás, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar an díospóid í féin. I gcás nach gceadófar le staid na n-imeachtaí breith a thabhairt ar chás, tarchuirfidh sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal na breithe arna tabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs an achomhairc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá pictiúir de chraoladh an bhreithiúnais ar fáil ó ' [Europe by Satellite](#) ' ☎ (+32) 2 2964106.

Fan i dteagmháil linn!



¹ Cinneadh [C\(2017\) 4444 final](#), maidir le himeacht i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 102 CFAE agus Airteagal 54 de Chomhaontú LEE (Cás AT.39740 – inneall cuardaigh Google (Shopping)) (féach, freisin, an phreaseisiúint ón gCoimisiún [IP/17/1784](#)).

² An Bheilg, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua.

³ Breithiúnas an 10 Samhain 2021, Google agus Alphabet v an Coimisiún (Google Shopping), [T-612/17](#) (féach freisin, preaseisiúint [Uimh. 197/21](#)).

⁴ Airteagal 102 CFAE.